

# Deirdre

## *nó* Loingeas Mhac Uisnigh

DARACH Ó SCOLAÍ

*Ealaín le* ANASTASIA MELNYKOVA

# Deirdre

## *nó* Loingeas Mhac Uisnigh

DARACH Ó SCOLAÍ

*Ealaín le*
ANASTASIA MELNYKOVA

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán 2023
© Darach Ó Scolaí 2023

ISBN 978-1-913814-30-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Ealaín: Anastasia Melnykova
Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí CL

COLMCILLE
EIRINN IS ALBA

Táimid buíoch de Cholmcille as maoiniú a chur ar fáil don saothar seo.

Foras na Gaeilge

Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

www.leabharbreac.com

## DEIRDRE
## nó Loingeas Mhac Uisnigh

Rí dá raibh ar Chúige Uladh, Fearghas mac Róich, leag sé a shúil ar Neas iníon Eochaidh Sháilbhuí, agus d'iarr mar bhean í.

Is é a dúirt sí leis nach mbeadh sí aige gan a luach a fháil uaidh. "Tabhair flaitheas Uladh go ceann bliana do mo mhac féin, Conchúr, ionas go dtabharfar mic rí ar a chlann sin feasta," ar sí, "agus beidh mise mar bhean agat."

"Tabhair sin dó," arsa a chairde le Fearghas, "óir is agatsa a bheas an ceannas agus ní bheidh aigesean ach ainm rí."

"Tá go maith," arsa Fearghas.

Agus thug. D'imigh sé féin agus Neas i gcuideachta a chéile, agus tháinig Conchúr mac Neasa go hEamhain Mhacha go ndearnadh rí de.

D'imigh bliain, agus ba mhaith é flaitheas Chonchúir ar feadh na bliana sin, óir bhí teas i ngréin, iasc in inbhear, meas ar craobh, agus rath mór ar an gcúige dá réir.

I gcaitheamh an ama sin, bhí comhairle á hiarraidh ar a mháthair, Neas, aige. Mhol sise dó cairde Fhearghasa a lomadh agus a maoin a bhronnadh ar mhaithe na nUltach, agus a chuid óir is airgid féin a bhronnadh go fial ar chách.

Rinneadh amhlaidh.

I ndeireadh na bliana, d'fhill Fearghas ar Eamhain Mhacha agus d'iarr sé an flaitheas ar ais.

Chuaigh maithe na nUltach i gcomhairle. Ba mhór an náire, dar leo, an flaitheas á thabhairt uaidh ag Fearghas ar bhean. Is é a mholadar: an ní a dhíol Fearghas, é a bheith ina éagmais feasta; agus an ní a cheannaigh Conchúr a fhanacht aige.

Agus leis sin, d'imigh Fearghas as Eamhain Mhacha agus fágadh an ríocht faoi Chonchúr.

Lá dá raibh maithe na nUltach i gcuideachta Chonchúir, thugadar cuairt ar theach a scéalaí, Feilimí mac Daill. Cuireadh na hUltaigh ina suí chun fleá, leagadh an phroinn os a gcomhair, síneadh thart na coirn chomh-óla, agus ligeadar uile go léir gáir mhór mheisce astu.

Is í bean Fheilimí a d'ullmhaigh an chóisir agus, cé go raibh sí trom torrach, is í a rinne freastal ar an slua. Agus níor bheag an freastal é sin, óir d'éiligh gach uile fhear ar an bhfleá muc iomlán, fia, agus dabhach leanna. In am luí dóibh, ghluais sí chuig a leaba féin agus, ar thrasnú urlár an tí di, scréach an leanbh ina broinn. Chualathas an scréach ar fud an leasa agus d'éirigh gach uile fhear le huafás ionas go rabhadar aghaidh ar aghaidh agus béal ar bhéal sa teach.

D'éirigh ollamh is urlabhraí an rí, Seancha mac Ailealla, chun an slua a cheansú.

"Ná corraígí," ar seisean leo. Le Feilimí a labhair sé ansin. "Tugtar do bhean chugainn," ar sé, "go bhfiafraítear di céard é an torann seo a bhrúnn ar ár gcluasa."

Tugadh an bhean chucu agus labhair Feilimí léi. "Cén fothram físochmhar a phléascas faoi do bhroinn, a bhean?" ar seisean.

D'fhreagair bean Fheilimí. "Cá bhfios d'aon bhean cén neach beo atá ina broinn? Cuirimis an cheist ar an bhfear feasa," ar sí, agus chuaigh sí chuig Cafadh Draoi gur labhair leis. "Inis dúinn, a Chafaidh, cé a lig an bhéic faoi chliabh mo bhroinne."

Leag Cafadh a lámh ar bhroinn na mná agus rinne an leanbh dordán faoina bhois. Is é a dúirt Cafadh:

> Faoi bhéal do bhroinne, bhéic
> bé bhuí-chas na súl sillghlas.
> A déad is séad gan ainimh,
> a beola is niamh caordhearg.
> Ainnir is ríon, beidh in éad
> lena cruth so-ghrá dí-ainimh.

"Iníon atá ann," ar sé. "Deirdre a bheas mar ainm uirthi, agus leanfaidh olc di."

Rugadh iníon do bhean Fheilimí an oíche sin, agus dúirt Cafadh an laoi:

Más caomh-bheartach clú-bhán duit,
is mór do mhill, a Dheirdre.
Céasfar Ultaigh le do ré,
a iníon fhial Fheilime.

Déanfar gníomh garg gránna
i bhfeirg le rí an chúige.
I ngeall ortsa, a Dheirdre,
titfidh laochra i ngach dúiche.

Agus leis sin, labhair maithe na nUltach in éineacht. "Maraítear an iníon!" ar siad.

"Ná maraítear," arsa Conchúr. "Tabharfadsa liom amárach í le hoiliúint mar bhean dom féin."

Agus ós rud é nár mhian leis na hUltaigh a rí a cheartú, rinneadh amhlaidh.

Tugadh Deirdre ar an iargúil agus oileadh do Chonchúr í nó gurbh í ab áille go mór fada in Éirinn. Is i lios ar leith i mbroinn na coille a coinníodh í ionas nach bhfeicfeadh fear ar bith í go luífeadh sí le Conchúr. Agus ní ligtí aon duine isteach sa lios sin ach a hoide agus a buime — agus, ar ndóigh, Leabharcham, mar ní fhéadfadh Conchúr féin ise a chosc mar gur bhancháinte í.

Lá geimhridh, agus an sneachta ar an talamh, tháinig Leabharcham ar cuairt. Chuaigh an t-oide amach chun lao a mharú mar phroinn dóibh agus lean Leabharcham agus Deirdre amach é. Rug sé lao i ngreim cluaise as an gcró, thug amach ar mhá an tí é, mharaigh sé é, agus chuaigh á fheannadh ar an sneachta. D'eitil fiach dubh as an spéir anuas.

"Féach na trí dhath a fheicimse," arsa Deirdre le Leabharcham. "Gile an tsneachta, duibhe an fhéich, agus deirge na fola."

D'fhéach Leabharcham, agus chonaic gurbh fhíor do Dheirdre é, óir bhí fuil an lao doirte ar an talamh. Chrom an fiach dubh os cionn an tsneachta agus chuaigh ag ól na fola.

An oíche sin, rinne Deirdre a marana. "Nár bhreá fear ar a mbeadh na trí dhath úd," ar sí, "gile an tsneachta ar a chneas, duibhe an fhéich ar a fholt, agus deirge na fola ar a ghrua."

"Gach rath ort, a stór," arsa Leabharcham, "ach ní cian uait é. Is in Eamhain i gcuideachta an rí atá sé féin agus a bheirt deartháireacha, agus Naoise mac Uisnigh is ainm dó."

"Ní bheidh mé beo i bhfad eile," arsa Deirdre, "mura bhfeice mé é."

Nuair a bhí sé bliana déag slánaithe ag Deirdre, tugadh go hEamhain Mhacha í le bheith i gcuideachta Chonchúir.

Bhí Naoise féin in Eamhain an lá sin, agus é ina aonar ar mhúr an rátha ag gabháil fhoinn. Ba bhinn, go deimhin, é dordán triúr mac Uisnigh: gach bó agus gach ainmhí a chloiseadh é, bhlití dhá dtrian breise bainne uathu; gach fear agus gach bean a chloiseadh é, ba leor de sháimhe agus de shiamsa leo é.

Ba mhaith a ngaisce chomh maith: nuair a chuireadh gach duine díobh triúr a ndroim lena chéile, ní bhéarfadh armshlua